Tá ríméad ar CLÉ an chéad ghradam don cheannaireacht sa chleachtas litearthachta a fhógairt. Mar aitheantas ar an gcomhoibriú atá riachtanach chun litearthacht a fhorbairt, bronnfar an gradam ar fhoireann seachas ar dhuine aonair. Bronnfar an gradam ar fhoireann a chuireann an litearthacht chun cinn le haon aoisghrúpa (ón luathoideachas go dtí an t-oideachas aosach). Sa chomhthéacs sin, an tuiscint atá againn ar litearthacht ná sainmhiniú CLÉ, sin é "*an cumas téacsanna amhairc, inchloiste, clóite agus digiteacha a bhaineann le comhthéacsanna éagsúla a aithint, a thuiscint, a léirmhíniú, a chruthú agus a chur in iúl.*" Tacaíonn an gradam le ceannaireacht sa litearthacht i dteanga amháin nó i níos mó ná teanga amháin, i.e. Béarla agus/nó Gaeilge agus/nó Nuatheangacha Iasachta agus/nó teangacha baile i suíomh ar leith.

**Critéir don Ghradam**

Iarrfar ar aon suíomh a ainmnítear foirm iarratais a líonadh isteach a léiríonn ailíniú leis na critéir seo a leanas.

1. **Tiomántas don Fhreagracht Chomhroinnte i leith na Litearthachta:** Fianaise shoiléir go dtuigeann an fhoireann a thábhachtaí agus atá forbairt na litearthachta; tugtar tús áite di. Ceannaireacht agus comhoibriú léirithe i gcur chun cinn na litearthachta mar fhreagracht chomhroinnte i measc an phobail oideachais. D'fhéadfaí oideoirí, foghlaimeoirí, teaghlaigh, agus comhpháirtithe níos leithne a bheith san áireamh sa phobal seo, ag teacht le tiomántas CLÉ i leith an chomhchleachtais litearthachta.
2. **Cothromas, Ionchuimsiú agus Rochtain san Fhoghlaim Litearthachta:** Tiomantas do chleachtais litearthachta ionchuimsitheacha agus chothroma a thacaíonn le cearta an fhoghlaimeora an litearthacht a shealbhú. Tacaíocht d'éagsúlacht teanga, chultúrtha agus foghlaimeora, de réir mar is cuí don suíomh.
3. **Taighde, fianaise agus nuálaíocht:** Úsáid a bhaint as cuir chuige chruthaitheacha, mhachnamhacha agus thaighde-bhunaithe sa litearthacht, ag tarraingt ar theoiric chomhaimseartha, ar fhianaise chomhaimseartha agus ar fhoghlaim ghairmiúil chomhaimseartha chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm nuálach cleachtas litearthachta a bheith i gceist leis seo.